THE INSTITUTE OF EDUCATION

# Irish

Clare Grealy

Higher Level

2020-21

## *The Picture Sequence*

*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

# Tine sa Teach



# 2.  Tine sa Teach *

1. Dé Sathairn seo caite timpeall meánoíche chríochnaigh an dioscó sa chlub óige ÁITIÚIL agus bhí ar Mháire siúl abhaile. Bhí an sneachta chomh trom go raibh go leor bóithre dúnta. Ar a bealach abhaile bhí sí PRÉACHTA leis an bhfuacht agus bhí fonn uirthi bheith ina suí os comhair na tine. Chomh luath agus a shroich sí an teach timpeall a haon a chlog  shuigh sí síos os comhair na tine chun a scíth a ligean. Bhí CRAOS TINE ann.

2. “Nach mbeadh pláta sceallóga blasta” a smaonaigh sí di féin agus as go brách léi isteach sa chistin chun iad a ullmhú. Nuair a bhí an ola te chuir sí na sceallóga isteach ann agus luigh sí síos ar a leaba le h-aghaidh deich nóiméad mar bhí sí AG TITIM AS A SEASAMH leis an tuirse mhór a bhí uirthi.

3. Istigh sa chistin bhí an SCILLÉAD ag dul trí thine le lasracha móra agus deatach ag líonadh an t-seomra – rud a bhí Máire BEAGBEANN faoi.

4. Is maith an rud é go raibh a tuistí sa bhaile an oíche sin toisc go bhfuair siad BOLADH AN DEATAIGH  a dhúisigh iad. Chuir Daid glaoch ar na seirbhísí éigeandála fad is a bhí Mam ag iarraidh Máire A MHÚSCAILT.

5. Tar éis cúig nóiméad bhí an briogóid dóiteán AR LEAC AN DORAIS  agus le DÓITEÁIN,CÚR  agus uisce d’éirigh leo chun an tine a mhúchadh. Chuir siad Máire ar shínteán agus tógadh í  chun an ospidéil toisc go raibh sí CLOÍTE leis an deatach ach dúirt a Mam léi go mbeadh sí ceart go leor.

6. Ba bhrónach an radharc an mhaidin DAR GCIONN  nuair a bhí na tuistí sa ghairdín os comhair an tí. Bhí gach seomra thíos staighre agus an halla scroiste go h-uile is go h-iomlán le deatach agus le h-uisce. Ach trasna na cathrach bhí Máire slán sabháilte agus ag feabhsú san ospidéal. Dúradh léi É A THÓGÁIL GO BOG le cúpla lá, agus thóg sí.

<u>Ceisteanna</u>

A. Conas a bhí an aimsir an oíche sin?

B. Cén t-am a bhí ann nuair a shuigh sí sios cois tine?

C. Cad a bhí sí ag ullmhú sa chistin?

D. An bhfuair Máire bás?

E. An raibh Máire gortaithe?

## *Tine sa Teach – Ceisteanna*

1. Cén fáth nach ndeachaigh Máire díreach ina codladh an oíche sin?

    ______________________________________________________________

    ______________________________________________________________

    ______________________________________________________________

    __________________________________________________________

2. Conas a d'ullmhaigh sí na sceallóga?

    ______________________________________________________________

    ______________________________________________________________

    ______________________________________________________________

    ______________________________________________________________

    ______________________________________________________________

    _________________________________________________________

3. Cén chaoi an ndeachaigh an chistin trí thine?

4. Cad a rinne Daid nuair a fuair sé boladh an deataigh?

5. Cén fáth nach raibh Mam in ann Máire a mhuascailt?

6. Conas a mhúch an lucht dóiteáin an tine?

7. An raibh an teach scroiste?


8. An raibh Máire gortaithe?

9. Cén fáth an raibh ar Mháire fanacht san ospideál?

10.Cá bhfuair siad an t=airgead chun an troscán nua a cheannach?

11.Cén saghas cailín a bhí inti dar leat?

# An Ghéarchéim Eacnamaíochta



# 5. An Ghéarchéim Eacnamaíochta*

1. Ba bhrónach an radharc a bhí le feiceáil lasmuigh den mhonaracha i mBaile na Carraige Óire coicís ó shin. Dhún an mhonarcha mar bhí sí ag bogadh go dtí na Filípíneacha toisc go raibh siad ag cailliúint orduithe móra mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta. Bhí Pól, Peadar agus Seán i bponc dá bharr.

2. Chuaigh Seán abhaile go dtí a mháthair agus d'inis sé an scéal go léir di. Dar le bainisteoir na monarchan bhí orthu na ciorraithe a chur i bhfeidhm ach is iontach an litir mholta a fuair sé uaidh. Dúirt Mam go raibh an-áiféala uirthi ach go ndéanfadh sí a dícheall chun é a thacú le cúpla mí ar aon nós.

3. I rith na seachtainí ina dhiaidh sin bhí Seán ag lorg oibre ar an suíomh gréasáin "Postanna Lásaimseartha", ach faraoir is beag an post a bhí ar fáil. Sheol sé foirm iarratais isteach in éineacht lena C.V. ach is annamh a fuair sé freagra ar bith. Ní amháin sin ach chuaigh sé amach "ag bualadh ar doirse" faoi mar a déarfá ach arís ní raibh aon fholúntais ann.

4. Dar ndóigh ní raibh sé ina aonar. Gach Aoine nuair a chuaigh sé chuig Oifig an Phoist chun tarraingt ar an gcúnamh dífhostaíochta bhí scuaine fada daoine ag fanacht ann freisin agus chonaic sé go raibh an scuaine ag dul i bhfad seachtain i ndiaidh seachtaine.

5. Lean an scéal mar sin ar feadh trí mhí agus pé uair ar bith a chuir sé an teilifís ar siúl chuala sé an scéala céanna 'sé sin go raibh an ráta dífhostaíochta ag dul

in olcas in aghaidh an lae. Bhí Seán feargach leis an Rialtas agus go h-áirithe leo siúd a rinne faillí ina gcuid dualgais nuair a bhí siad ag cur na dallamullóige ar mhuintír na hÉireann le seafóid.

6. An mhí dar gcionn shocraigh Seán chun dul ar imirce. Ní raibh faic anseo agus ní bheadh le tamall fada. Bhí a Mham ag gol ag na geataí imeachta agus an bheirt acu ag fágáil slán dá chéile. Níor theastaigh ó Sheán chun dul ach ní raibh aon rogha eile aige. Shocraigh sé chun dul chuig Nua Eabhrac mar chuala sé go raibh roinnt mhaith monarchana ag lorg a leithéid – agus bhí -- mar an t-seachtain ina dhiaidh sin fuair a Mham téacs uaidh ag rá go bhfuair sé post iontach in éineacht le lóistín díreach os comhair Dealbh na Saoirse!

Nach raibh sé ar muin na muice?

## *5. An Ghéarchéim Eacnamaíochta – Ceisteanna*

1. Cén sort monarchan a bhí ann?

   ______________________________________________

   ______________________________________________

   ______________________________________________

   ___________________________________________

2. Cén fáth ar chaill siad a bpostanna?

   ______________________________________________

   ______________________________________________

   ______________________________________________

   ______________________________________________

   ______________________________________________

   __________________________________________

3. Cad a dúirt a Mham le Seán?

   ______________________________________________

   ______________________________________________

4. Cá raibh sé ag lorg oibre?

5. Cén leithscéal a thug fostóirí dó?

6. Cén fáth an ndeachaigh sé chuig oifig an phoist?

7. An raibh go leor daoine sa chruachás céanna?

8. Cé mhéad duine a bhí dífhostaithe sa tír ag an am sin?

9. Cé air  a chuir Seán an milleán?

10. Cad a rinne an rialtas?

11. Cá ndeachaigh Seán ar imirce?

12. Cén fáth ar roghnaigh sé na Stáit Aontaithe?

13. An raibh géarchéim eacnamaíochta i Meiriceá?

14. An dóigh leat go bhfuair Seán post ann?